CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 105/26

**Lucsamburg, an 16 Iúil 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-280/25 | [Lin II] [1]

# An comhrac i gcoinne na calaoise tromchúisí ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh: tugann an Chúirt míniú ar an gcúis nár sáraíodh, leis an mbreithiúnas in Lin, [2] prionsabal na dlíthiúlachta in ábhair choiriúla [3] ná an caighdeán náisiúnta cosanta do chearta bunúsacha, lena gcuirtear cosc ar an gcúirt rialacha éagsúla a chumasc chun córas tréimhsí teorann a bhunú san ábhar sin [4]

*Sa chomhthéacs sin, soiléiríonn an Chúirt an méid atá le tuiscint le calaois 'thromchúiseach' lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais chomh maith*

Bhain breithiúnas Lin an 24 Iúil 2023 le roinnt náisiúnach Rómánach ar gearradh príosúnacht orthu as imghabháil cánach. Rinne siad agóid i gcoinne a gciontú, agus d'áitigh siad, faoin gcaighdeán náisiúnta cosanta a bhaineann le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an dlí choiriúil níos trócairí (*lex mitior*), go raibh a ndliteanas coiriúil faoi urchosc ama [5]. Bhí na náisiúnaigh Rómánacha sin ag brath, ar an gcéad dul síos, ar dhá bhreithiúnas ó Chúirt Bhunreachtúil na Rómáine a tugadh in 2018 agus 2022. Leis na breithiúnais sin, cuireadh ó bhail foráil náisiúnta [6] lena rialaítear na forais leis [7] an tréimhse theorann in ábhair choiriúla a bhriseadh, agus mar thoradh air sin, ar feadh tréimhse beagnach 4 bliana, níor foráladh le dlí na Rómáine d'aon fhoras leis an tréimhse sin a bhriseadh. Ar an dara dul síos, bhí na náisiúnaigh sin ag brath ar chinneadh 2022 ó Ard-Chúirt na Rómáine um Achomharc agus um Cheartas (ACAC) inar cinneadh go raibh feidhm ag an easpa foras leis an tréimhse theorann a bhriseadh maidir le cionta a rinneadh idir 2014 (nuair a glacadh an fhoráil mhíbhunreachtúil) agus 2018 (nuair a glacadh an chéad bhreithiúnas ón gCúirt Bhunreachtúil) chomh maith, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an *lex mitior*. [8] Ba é a iarradh ar an gCúirt, go bunúsach, comhréireacht na mbreithiúnas éagsúil sin arna dtabhairt ag cúirteanna na Rómáine le dlí an Aontais, go háirithe na forálacha atá beartaithe chun calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac go héifeachtach. In Lin, thug sí chun cuimhne nach mór do Stáit a áirithiú go gceadaítear leis na rialacha maidir le tréimhsí teorann a leagtar síos leis an dlí náisiúnta forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar chionta a dhéantar a bhaineann le calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, agus é mar aidhm leis sin an riosca sistéamach go mbeidh saoirse ó phionós ann a sheachaint i leith cionta den sórt sin. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt go raibh ar chúirteanna na Rómáine an caighdeán náisiúnta cosanta a bhaineann leis an *lex mitior* a fhágáil gan feidhm, mar a cumhdaíodh é i gcinneadh 2022 ó ACAC. Os a choinne sin, chinn sí go raibh breithiúnais Chúirt Bhunreachtúil na Rómáine a tugadh in 2018 agus 2022 comhsheasmhach le dlí an Aontais, ós rud é gur chuir siad prionsabal na dlíthiúlachta in ábhair choiriúla chun feidhme agus gur eascair riosca sistéamach saoirse ó phionós astu nach raibh chomh raon feidhme céanna aige le cur i bhfeidhm chaighdeán náisiúnta cosanta an *lex mitior* a chumhdaítear i gcinneadh 2022 ón Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas. Tar éis an bhreithiúnais in Lin, chinn an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas mar sin féin, in 2024, nach bhféadfadh cúirteanna na Rómáine a gcinneadh ó 2022 a dhífheidhmiú gan prionsabail na dlíthiúlachta in ábhair choiriúla agus an toirmisc ar an *lex tertia* a shárú. Ina breithiúnas in Lin II a tugadh inniu, cinneann an Chúirt, go bunúsach, nach bhfuil an cur chuige sin ag an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas comhsheasmhach le dlí an Aontais.

In Lin II, d'eisigh stiúrthóir dhá chuideachta tráchtála sonraisc chánach bhréige chun a chur ar chumas tríú cuideachta a

méid inchánach a laghdú. Is ionann an damáiste a rinneadh do bhuiséad Stát na Rómáine agus 268 536 leu na Rómáine (RON) (thart ar EUR 59 304), agus is ionann méid na cánach breisluacha (CBL) a imghabhádh agus RON 163 656 (thart ar EUR 36 142), rud lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Mar sin féin, ionchúisíodh é as comhpháirteachas in imghabháil cánach agus d'éalaigh sé ón gciontú. Go bunúsach, suíodh urchosc a dhliteanas coiriúil ag an gcéad chéim agus dheimhnigh Cúirt Achomhairc Oradea (an Rómáin) é ansin an 21 Márta 2024. An 9 Aibreán 2024, rinne Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí atá ceangailte leis an gCúirt Achomhairc, Oradea, agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair ACAC, agus í den tuairim gur chuir an chúirt achomhairc deireadh go mícheart leis na himeachtaí coiriúla tríd an gcaighdeán náisiúnta cosanta a bhaineann leis an *lex mitior* a chur i bhfeidhm, mar a chumhdaítear i gcinneadh 2022 ó ACAC agus, dá bhrí sin, gan breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás Lin a chur san áireamh. Agus amhras uirthi maidir leis an gcaoi a raibh an breithiúnas in Lin á chur i bhfeidhm ag cúirteanna na Rómáine tharchur ACAC ceist chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú. D'iarr sí ar an gCúirt freisin léiriú a thabhairt ar choincheap na calaoise 'tromchúisí' i ndlí an Aontais.

Ina breithiúnas inniu, a leanann as an mbreithiúnas in Lin, **soiléiríonn an Chúirt**, sa chéad áit, **coincheap na calaoise 'tromchúisí' lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.** Dá bhrí sin, measann sí – i gcás nach leagtar síos an tairseach le haon fhoráil náisiúnta óna gcaithfear calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a mheas mar chalaois 'thromchúiseach' – go gcaithfear calaois a aicmiú go huathoibríoch mar chalaois 'thromchúiseach', de réir bhrí Choinbhinsiún PIF [9], a luaithe is mó a méid iomlán ná EUR 50 000, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an damáiste a bhain do bhuiséad an Aontais faoi bhun na tairsí sin.

Sa dara háit, cuireann an Chúirt in iúl **nár chinn sí ar aon chor, sa bhreithiúnas in Lin, go sáraítear dlí an Aontais, ar bhonn prionsabail, leis an gcaighdeán náisiúnta cosanta a bhaineann le cur i bhfeidhm phrionsabal an *lex mitior* dá bhforáiltear i ndlí na Rómáine, agus a théann thar na ráthaíochtaí dá bhforáiltear ina leith sin le hAirteagal 49 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.** Go bunúsach, **níor chinn an Chúirt ach go gcuirtear cosc, le dlí an Aontais, ar chúirteanna na Rómáine caighdeán náisiúnta cosanta, amhail a cumhdaíodh i gcinneadh 2022 ó ACAC, a chur i bhfeidhm maidir le cásanna calaoise tromchúisí lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Bhí údar leis sin toisc go méadaítear, go mór, le cur i bhfeidhm den sórt sin, an riosca sistéamach go mbeadh saoirse ó phionós ann** i leith calaois dá leithéid, riosca a eascraíonn as breithiúnais na Cúirte Bunreachtúla in 2018 agus 2022 cheana féin, rud a thugann le tuiscint nach bhfuil aon fhoras ann tréimhsí teorann in ábhair choiriúla a bhriseadh ar feadh geall le 4 bliana.

Sa tríú háit, tugann an Chúirt dá haire nach gceanglaítear leis an réiteach a glacadh **sa bhreithiúnas in Lin ar chúirteanna na Rómáine roinnt rialacha a thagann i ndiaidh a chéile a chumasc** chun córas a chruthú, trí chinneadh breithiúnach, lena rialaítear modh ríofa na tréimhse teorann le haghaidh dliteanas coiriúil. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear ar na cúirteanna sin leis an mbreithiúnas in Lin neamhaird a thabhairt ar an gcaighdeán náisiúnta cosanta a bhaineann leis an toirmeasc ar chur i bhfeidhm an *lex tertia*.

Ar an gceathrú dul síos, cuireann an Chúirt in iúl **nach sáraítear prionsabal na dlíthiúlachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis leis an réiteach a glacadh in Lin, mar a chumhdaítear in Airteagal 49 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus in Airteagal 7 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine é**. Go bunúsach, eascraíonn an toirmeasc a fhorchuirtear sa bhreithiúnas sin ar chúirteanna na Rómáine cinneadh 2022 ó ACAC a chur i bhfeidhm as cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais agus, dá bhrí sin, bhí sé intuartha. Ina theannta sin, seasann an Chúirt air go láidir, ina breithiúnas in Lin, gur chinn sí féin gur eascair, as an gcinneadh sin ó 2022, riosca sistéamach maidir le saoirse ó phionós a bheith ann maidir le calaois thromchúiseach lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir aon éiginnteacht a shainaithint ina leith sin, ós rud é go gceanglaítear ar chúirteanna na Rómáine, i gcomhréir leis an mbreithiúnas in Lin, glacadh leis gurb ann do riosca dá leithéid.

Sa chúigiú háit, sonraíonn an Chúirt, i bhfianaise thábhacht an phrionsabail ***res judicata* i ndlí an Aontais**, nach gceanglaítear le dlí an Aontais cinntí a bhfuil feidhm *res judicata* acu lenar cinneadh – agus cinneadh 2022 ó ACAC á chur i bhfeidhm – urchosc ama a bheith ar dhliteanas coiriúil i leith calaois thromchúiseach lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a thabhairt faoi cheist. Bíodh sin ráite, ní féidir cinneadh is ábhar d'achomharc ar phointe dlí a mheas, i bprionsabal, mar chinneadh a bhfuil feidhm *res judicata* aige.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní thagraíonn sé do pháirtí ar bith sna himeachtaí.

[2] Breithiúnas na Cúirte an 24 Iúil 2023 i gcás Lin, C-107/23 PPU (féach freisin preasráiteas Uimh. 129/23).

[3] Tá prionsabal na dlíthiúlachta agus na neamh-aisghníomhaíochta in ábhair choiriúla mar bhonn ag Airteagal 7 de Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, dar teideal 'Gan phionós d'uireasa an dlí'. Foráiltear ann nach bhfaighfear aon duine ciontach in aon chion coiriúil i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh nár chion coiriúil é faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta tráth a dhéanta. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir pionós ar bith a fhorchur atá níos déine ná an ceann a bhí dlite tráth an chiona. Leis an bhforáil sin, cosnaítear daoine aonair ar ionchúiseamh treallach agus is gné bhunúsach den smacht reachta í.

[4] I bhfianaise an phrionsabail bhunreachtúil úd, toirmisctear ar chúirteanna na Rómáine, *inter alia*, rialacha coiriúla a thagann i ndiaidh a chéile a chur i bhfeidhm go páirteach trí roinnt dá bhforálacha a chumasc, lena n-áirítear forálacha a bhaineann leis an modh chun an tréimhse theorann le haghaidh dliteanas coiriúil a ríomh. Is éard atá i gceist le prionsabal an *lex mitior*, mar a léirigh Cúirt Bhunreachtúil na Rómáine é, i gcás go dtagann córais dlí i ndiaidh a chéile, rogha agus cur i bhfeidhm an dlí lena ráthaítear don duine cúisithe, ar an iomlán, tairbhe a bhaint as staid níos fabhraí, gan cead a bheith ann forálacha fabhracha na ndlíthe a thagann i ndiaidh a chéile a chumasc agus córas hibrideach a chruthú, trí chinneadh breithiúnach (*lex tertia*).

[5] Sásra lena gcuirtear deireadh leis an bhféidearthacht caingean dlí a thionscnamh le himeacht ama. Is é sin le rá, mura bhfuil imeachtaí tionscanta ag na húdaráis laistigh de thréimhse áirithe ama, go gcailleann siad an ceart chun amhlaidh sin a dhéanamh go cinntitheach.

[6] Bhain an mhíbhunreachtúlacht le hAirteagal 155(1) de Chód Coiriúil 2009, a mhéid a sháraigh an fhoráil sin prionsabal bunreachtúil bheachtas agus intuarthacht an dlí choiriúil trí chead a thabhairt do ghníomhartha nós imeachta an tréimhse theorann le haghaidh dliteanas coiriúil a bhriseadh cé nár cuireadh na gníomhartha sin in iúl don duine faoi dhrochamhras nó don chúisí.

[7] Gníomhartha nós imeachta nó breithiúnais lena mbristear an tréimhse theorann le haghaidh dliteanas coiriúil.

[8] Cinneadh Uimh. 67/2022 ó ACAC.

[9] An Coinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a Chosaint, a síníodh sa Bhruiséil an 26 Iúil 1995.